



ULSTER
MUSEUM




LEARSGÁIL

FÁILTE CHUIG MÚSAEM ULADH

Déan Iniúchadh ar an Ealaín, ar an Dúlra agus ar Stair in aon ord ar mian leat, ag úsáid na hardaitheoirí atá le fáil taobh leis an gcuntar fáilte. Cruthaítear bís le leibhéil éagsúla an mhúsaem – rachaidh tú in airde i dtreo na ndánlann nuair a chasann tú ar chlé, rachaidh tú anuas chuig an gcuntar fáilte nuair a chasann tú ar dheis. Tosaíonn an bealach is inrochtana atá againn ar leibhéal 5 in ‘George and Angela Moore Gallery of Applied Art’.



BEALACH ISTEACH DON CHAIFE



PRÍOMHBHEALACH ISTEACH AGUS CUNTAR FÁILTE

Ar oscailt: 10:00 - 17:00, Dé Máirt-Dé Domhnaigh agus Laethanta Saoire Bainc

Bain an tairbhe is mó as do chuairt linn

- Tá ár dtreoiraithe cairdiúla anseo le cuidiú leat an leas is mó a bhaint as do chuairt agus chun an pobal agus na bailiúcháin a choinneáil slán sábháilte.
- Ná húsáid splanc nuair a ghlacann tú grianghraif. Tá líon beag earraí nach féidir grianghraif a ghlacadh díobh, coinnigh súil amach ar chomharthaí nó iarr ar threoraí mura bhfuil tú cinnte.
- Ná leag lámh ar na hearraí. Is iomaí gníomhaíochtaí teagmhálacha atá againn mar chuid dár Spásanna Fionnachtana, nó iad marcáilte sna dánlanna.
- Níl cead tobac a chaitheamh ná vápáil san fhoirgneamh.
- Tá cosc ar bhia agus ar dheochanna sna dánlanna. An bhfuil ocraas ort? Tabhair cuairt ar ár gcaifé iontach Wynne & Pym atá le fáil ar leibhéal 0.
- Coinnigh súil ar do pháistí.
- Ní mór meas a léiriú ar eispéiris dhaoine eile.
- Is féidir cothú cíche a dhéanamh áit ar bith san fhoirgneamh. Tá seomra gléasta páiste againn ar leibhéal 0.

EALAÍN

Téigh i ngleic leis na saothair is fearr ó na bailiúcháin náisiúnta inár ndánlanna áille . Feicfidh tú idir saothair ón 16ú haois agus saothair nua ealaíon lena n-áirítear faisean, troscán, péintéireachtaí, priontaí, píosaí dealbhóireachta agus sceanra. Beidh deis agat breathnú ar thaispeántais speisialta ina bhfuil saothair ó ealaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le faisnéis a fháil ar na rudaí beachta a bheidh ar taispeántú nuair a thagann tú ar cuairt.

Tóg an t-ardaitheoir chuig leibhéal 5.

DÚLRA

Fiosraigh iontais an domhain nádúrtha agus bunús na cruinne inár ndánlanna atá tiomnaithe don eolaíocht nádúrtha. Amharc ar chriostail áille, iontaisí iontacha agus déan iniúchadh ar an dá bhilliún bliain de stair geolaíochta atá caomhnaithe i gcarraigeacha an oileáin.

Tóg an t-ardaitheoir chuig leibhéal 3.

STAIR

Téigh ar thuras stairiúil, casfaidh tú leis na céad daoine a raibh cónaí orthu in Ulaidh riamh, feicfidh tú tréimhse achrannach a bhí lán de chogadh agus coinbhleacht, agus ansin foghlaimeoidh tú faoi thréimhsí síochánta ina rinneadh neart forbartha agus dul chun cinn. Tá saibhreas déantúsán an-suimiúil le fáil inár mbailiúchán, lena n-áirítear déantúsáin ó 10,000 bliain ó shin agus déantúsáin ón lá atá inniu ann. Coinnigh súil amach le haghaidh mumaí ón tSeán-Éigipt agus seol cumhachta ón táirgeoir línéadaigh is mó ar domhan.

Tóg an t-ardaitheoir chuig leibhéal 1 nó 2.

FUINNEOG AR ÁR nDOMHAN

Tá an Fuinneog ar ár nDomhan le fáil ar thrí urlár i lár an fhoirgnimh agus na píosaí is iontacha ó gach ceann dár mbailiúcháin le fáil ann. I measc na rudaí is suntasaí atá le fáil ann tá ceann de na crosa Ceilteacha is iontaí ó Éirinn agus canóin a tarraingíodh ó ceann de na longa a chuaigh go tóin poill mar chuid d'armáid na Spáinne.

Siúil suas an rampa atá taobh leis an gcuntar fáilte nó amharc trinár bhFuinneog ar ár nDomhan ó Dhánlann na Nua-Staire, nó ó Dhánlann an Dúlra.

SPÁSANNA FIONNAGHTANA

Téigh i ngleic lenár mbailiúcháin i mbealach an-éagsúil lenár Spásanna Fionnachtana teagmhálacha – Foghlaim faoin Ealaín, faoin Dúlra agus faoin Stair. Níl sárú áit ar na spásanna seo chun d'ealaín féin a chruthú, ainmhithe fíorbheaga a fheiceáil faoi mhicreascóp le do shúile féin, nó foghlaim faoi na naisc atá ann idir an saol san am atá caite agus an saol a bhíonn ag daoine i láthair na huaire. Cuirtear fáilte roimh chách!

Tóg an t-ardaitheoir chuig leibhéal 1, 3, nó 5.

AN CUNTAR FÁILTE


Faigh amach cad atá ar siúl inniu agus buail lenár dtreoiraithe atá ina saineolaithe ag an gcuntar fáilte. Bailigh anseo le haghaidh turais a chuirtear ar fáil go rialta agus chun amharc ar thaispeántais sealadacha ina léirítear gach atá le feiceáil sa mhúsaem.

Téigh isteach ar leibhéal 0.


SEOMRA BHÉAL FEIRSTE

Óstáiltear taispeántais sealadacha a forbraíodh i gcomhpháirtíocht leis an bpobal i Seomra Bhéal Feirste.

Téigh isteach ar leibhéal 0.

-  Deasc Faisnéise
-  Ardaitheoirí
-  Caifé
-  Áiseanna Leithris
-  Ardaitheoir Staighre
-  Leithris inrochtana, ilinscne
-  Áiseanna Athraithe Páiste
-  Rampa Cathaoireacha Rothaí
-  Seomra Scroideanna
-  Seomra Cótaí
-  Siopa

TÁ TÚ ANSEO ▶



STAIR
FUINNEOG AR
ÁR nDOMHAN
CAIFÉ SIOPA SEOMRA
BHÉAL FEIRSTE

HAUPTINGANG



SIOPA

Tiocfaidh tú ar raon earraí a coimeádadh go cúramach i siopa Mhúsaem Uladh. Déan fiosrú níos doimhne ar ár mbailiúcháin ag caitheamh súil ar an raon leathan leabhar atá againn, amharc ar an mbua deartha atá ag daoine áitiúla nó ceannaigh an bronnantas is fearr. Tá rud éigin ann do gach uile duine!

Téigh isteach ar leibhéal 0.



CAIFÉ

An bhfuil ocras ort? Tá an t-ádh leat. Aimseoidh tú scoirdeanna saillte an-bhlasta, béilí lóin agus bianna mílse speisialta mar aon le taenna speisialtacht agus caife espresso den chéad scoth i gcaifé Wynne & Pym. Ainmníodh an caifé i ndiaidh na n-ailtirí a dhear an foirgneamh iontach seo, ach 50 bliain óna chéile.



Téigh isteach ar leibhéal 0.





NA TRIOBLÓIDÍ AGUS INA NDAIADH



Fiosraigh na Trioblóidí agus teacht chun cinn Thuaisceart Éireann ó na blianta coimhlinte i gcomhthéacs na dtionchar sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus polaitiúil níos leithne. Foghlaim tuilleadh faoin stair agus faoin gcoimhlint agus an tionchar a bhí aici ar shaol laethúil daoine agus pobal trí raon spéisiúil earraí a léiríonn meonta agus taithí éagsúil na ndaoine sin. Thug an pobal neart de na hearraí díreach don bhailiúchán mar chuid den tionscadal 'Collecting the Troubles and Beyond', le tacaíocht ó The National Lottery Heritage Fund.

Téigh isteach trí Fhuinneog ar Ár nDomhan, leibhéal 0.

-  Ardaítheoirí
-  Ardaítheoir Staighre

-  Rampa Cathaoireacha Rothaí
-  Spás Fionnachtana

TÁ TÚ ANSEO



STAIR
FUINNEOG AR ÁR
NDOMHAN



FOGHLAIM FAOIN STAIR

Cuirtear deis spráúil ar fáil sa spás um Foghlaim faoin Stair le foghlaim faoi bhailiúcháin staire, seandálaíochta agus chultúr an domhain de chuid Mhúsaem Uladh. Bain triail as blaostas réamhstairiúil a athchruthú, glac féinphic i bhfeistias seanré, nó aimsigh an bhróg is mó a bhfaca tú riamh! Tá treoraí ann chun aon cheist atá agat a fhreagairt.

Téigh isteach tríd an Nua-Stair, leibhéal 1.



AN NUA-STAIR 1500 - 1968

Tá an Nua-Stair bunaithe ar imeachtaí agus téamaí tábhachtacha ina n-insítear scéal chúige stairiúil Uladh ón mbliain 1500 go dtí 1968. Áirítear feistias Dhún Geimhin, ball éadaigh uathúil ón 16ú haois a aimsíodh i bportach agus claíomh Henry Joy McCracken, ball iomráiteach de Chumann na nÉireannach Aontaithe ar crochadh é sa bhliain 1798, i measc na n-earraí atá ar taispeáint anseo. Tá naisc díreacha idir roinnt de na hearraí agus príomhimeachtaí agus príomhphearsana na 500 bliain seo caite – idir Aodh Mór Ó Néill, Arthur Chichester, Isabella Tod agus Séamas Ó Conghaile.

Téigh isteach ar leibhéal 2. Féadfaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus bugaithe rochtain níos éasca a fháil ar an gcuide is mó den dánlann ó leibhéal 1.



VOICES OF





GUTHANNA 1968

Spreagann an taispeántas seo daoine le breathnú ar thréimhse rithábhachtach de Stair Thuaisceart Éireann trí súile úrnua, agus iad ag éisteach le scéalta daoine a bhí rannpháirteach i gcúrsaí na linne.

Téigh isteach tríd an Nua-Stair, leibhéal 1.

-  Ardaítheoirí
-  Ardaítheoirí Staighre

-  Leithris inrochtana, ilinscne
-  Áiseanna Leithris



STAIR
DÚLRA
FUINNEOG AR
ÁR nDOMHAN



NA POBAIL LUATHAOISE

Téigh ar aistear tríd an stair inár ndánlanna seandálaíochta a chhlúdaíonn ábhair éagsúla idir na céad Lonnaitheoirí in Éirinn (thart ar 8000 RC) agus athruithe a chuir na feirmeoirí Neoiliteacha i bhfeidhm (thart ar 4000 RC). Déan iniúchadh ar an gCré-umhaois (thart ar 2300 BC), nuair a gaibhníodh na céad earraí in ór agus mital. Ansin, breathnaigh ar earraí ón mbliain 600 RC tús na hIarlaíochtaí.

Téigh isteach ar leibhéal 2.

TAKABUTI

Faigh sracfhéachaint ar an saol a bhí ag daoine san Éigipt mílte bliain ó shin, agus foghlaim faoi shaol agus bás Takabuti. In aice láimhe, feicfidh tú bábóg adhmaid linbh, cíora gruaige, seodra agus prócaí smidhidh a d'úsáid daoine go laethúil tráth.

Téigh isteach trí Na Pobail Luathaoise, leibhéal 2.



NA NAOIMH AGUS NA HOLLÚNA

Foghlaim faoi scaipeadh na Críostaíochta in Éirinn (thart ar 500 AD) agus na scríbhinní nua agus na hearraí eaglaise a tháinig leis. Foghlaim faoi na hionróirí Lochlannacha agus an tréimhse deireadh d'Éirinn Ghaelach mheánaoiseach (thart ar 1600 AD), agus breathnaigh ar an bhfianaise atá againn ar an gcoimhlint a bhí ann ag an am.

Téigh isteach trí Na Pobail Luathaoise, leibhéal 2.

ARMÁID

Is iomaí scéal faoin tragóid agus faoin seoid atá le fáil sa bhailiúchán seo ar Armáid mífhortúnach na Spáinne sa bhliain 1588, baineann tábhacht idirnáisiúnta leis an mbailiúchán seo freisin. I measc na long a cuireadh go tóin poill ar chósta na hÉireann bhí 'Girona', a raibh neart óir agus maoine pearsanta á iompar aige, agus 'La Trinidad Valencera' a bhí lán go bruaich le hairm chogaidh.

Téigh isteach tríd an mbealach siúil ar leibhéal 2.

SPOTSOLAS: STAIR

Úsáidtear an dánlann seo dár dtaispeántas sealadacha. Cuirtear deis ar fáil dúinn sna dánlanna seo díriú isteach ar bhailiúcháin agus ábhair ar leith i mbealach níos mionsonraithe. Téigh chuig an gcontar fáilte, nó breathnaigh ar ár suíomh gréasáin chun fáil amach cad atá ar siúl.

Téigh isteach tríd an mbealach siúil ar leibhéal 2.



Ardaítheoirí



Rampa Cathaoireacha Rothaí



Ardaítheoirí
Staighre




Spás Fionnachtana

TÁ TÓ ANSEO

3

DÚLRA FUINNEOG AR ÁR nDOMHAN





IONTAISÍ AGUS ÉABHLOID

Déan iontaisí suntasacha a fhiosrú lena n-áirítear ‘reilig’ de sliogáin amóiníte agus iasc dóighiúil atá ceithre mhéadar ar fad. Breathnaigh ar bhlaoscanna mioneilifintí agus fianna an-mhóra. Faigh amach cén fáth nach bhfuil do chnámharlach féin ró-éagsúil ó chnámharlach na moncaithe, na luchóg nó na gcaochán.

Téigh isteach tríd an mbealach siúil ar leibhéal 4.

AN DOMHAN BEO

Foghlaim tuilleadh faoin mbeatha ar an Domhan – san am atá caite agus sa lá atá inniu ann. Fiosraigh algaí iontaise, sliogáin aisteacha na n-amóinítí agus foirmeacha coimhthíocha na dtríllíopach. Féach ar chrosóg mhara nua-aimseartha, bhreallaigh ollmhóra agus phiongainí impireacha. Déan iontas den chéalacant, iasc a síleadh na raibh marbh go dtí 1938, agus an colúr paininéara, ar cuireadh deireadh leis faoin mbliain 1914.

Téigh isteach ar leibhéal 3.

BUNÚS/SEODA AN DOMHAIN

Leag lámh ar phársa beag de chroí an phláinéid a cruthaíodh ag tús ár nGrianchórais 4.5 bhiliúin bliain ó shin. Breathnaigh ar éagsúlacht na mianraí agus na gcríostal atá ar fáil ar an Domhan, agus ar an mbaillíochán is mó de mhianraí sa RA agus iad ag lonrú faoi sholas ultraivialait.

Téigh isteach ar leibhéal 3.



SPOTSOLAS: DÚLRA

Tá an oiread sin samplaí eolaíochta againn inár mbaillíocháin iontacha nach féidir linn ach líon beag díobh a thaispeáint ag aon uair amháin. Óstáiltear léirithe eolaíochta ó gach cearn den domhan agus níos faide i gcéin sa dánlann seo, déantar na léirithe seo a athrú go minic freisin.

Téigh isteach ar leibhéal 3.

FQGHILAM FAOIN DÚLRA

Fiosraigh an domhan nádúrtha, idir sliogáin choimhthíocha, féileacáin, iontaisí, mianraí agus ainmhithe agus éin áitiúla. Caith súil níos géire ar fheithidí fíorbheaga faoi mhicreascóip agus leag lámh ar roinnt de na hearraí níos mó – féadfaidh tú eireball eilifinte a thadhall fiú!

Téigh isteach ar leibhéal 3.



AM DOMHAIN AGUS AN OIGHEARAIS

Téigh ar thuras tríd an am atá caite agus foghlaim faoi na carraigí is sine in Éirinn, seanaigéin agus ré na ndineasár agus na dtírdhreach bolcánach. Gabh síos staighre agus beidh tú sna hOighearaoiseanna.

Téigh isteach ar leibhéal 3, trí Spotsolas: Dúlra.

-  Ardaítheoirí
-  Leithris inrochtana, ilinscne
-  Rampa Cathaoireacha Rothai
-  Spás Fionnachtana
-  Áiseanna Leithris

TÁ TÚ ANSEO





FOGHLAIM FAOIN EALAÍN

Is iontach an spás idirghníomhach é seo chun do scileanna ealaíonta a chleachtadh faoi threoir duine dár dtreoirthe cuidiúla. Tarraingítear inspioráid ó na taispeántais reatha sna gníomhaíochtaí seo agus tú ag cruthú do shaothair féin. Bainfidh leanaí agus daoine fásta sult as an seomra seo atá geal agus scóipiúil le radhairc áille de Ghharraithe na Lus.

Téigh isteach ar leibhéal 5.

THE GEORGE & ANGELA MOORE GALLERY OF APPLIED ART

Is éard is an Ealaín Fheidhmeach ann deardh ealaíonta a chur i bhfeidhm ar ghnáthearraí. Baineann dhá láidreacht ar leith lenár mbailiúcháin, is iad sin an 18ú haois agus cúrsaí comhaimseartha. I measc na mbaicphointí tá earraí criadóireachta Belleek agus stiúideo, gloine a cruthaíodh in Éirinn agus seodra agus saothair dhealbhóireachta a chruthaigh ealaíontóirí idirnáisiúnta.

Téigh isteach ar leibhéal 5.



DÁNLANN 1 AGUS DÁNLANN 2

Tá an dá spás seo tiomnaithe dár mbailiúcháin féin, le béim ar leith ar an Ealaíon Eorpach agus Éireannach roimh 1870, agus ar bhailiúcháin speisialta.

Téigh isteach ar leibhéal 5.

DÁNLANN 3

Tá an dánlann iontach seo oiriúnach chun ár mbailiúchán faisin iomráiteach a chur ar taispeánt.

Téigh isteach trí George & Angela Moore Gallery of Applied Art, leibhéal 5.



DÁNLANN 4

Feileann an spás beag seo do na saothair éagsúla ar pár atá fineálta go minic. Ní bhíonn na saothair seo ar taispeánt ar feadh tréimhse níos fada ná aon bhliain amháin mar gheall go gcuireann solas isteach ar na hábhair.

Téigh isteach ar leibhéal 4.

DÁNLANN 5

Tá Ealaín na hÉireann i ndiaidh 1870 i gcoilár ár mbailiúcháin, agus cuirimid í ar taispeánt i lár ár ndánlanna dá bharr. Úsáidtear an spás seo le haghaidh taispeántais sealadacha anois is arís freisin.

Téigh isteach ar leibhéal 4.

DÁNLANN 6

Is é seo spás is mó agus is solúbtha dár spásanna ealaíon. Beidh tú in ann amharc ar saothair ónár mbailiúchán ealaíon ón 20ú haois agus ar ár mbailiúchán d'ealaín chomhaimseartha anseo. Óstáilaimid raon leathan de thaispeántais sealadacha sa spás álainn seo freisin.

Téigh isteach ar leibhéal 4.

SPOTSOLAS: EALAÍN

Dírímid isteach ar ár mbailiúcháin féin anseo agus ar na taispeántais dírithe a bhíonn ar iasacht againn ó am go ham, ag breathnú ar ealaíontóirí, scoileanna agus théamaí éagsúla.

Téigh isteach tríd an mbealach siúil ar leibhéal 4.

DAONPHÁIRC ULADH



Téigh siar agus foghlaim faoin saol a bhí ag daoine in Ulaidh níos mó ná 100 ó shin.

Is músaem staire beo faoin aer é Daonpháirc Uladh, a bunaíodh i mbaile margaidh bríomhar Baile Chúl Trá, agus é lán le foirgnimh dílse, gach ceann díobh athchruthaithe díreach mar an gcéanna lena suíomhanna bunaidh. Breathnaigh ar scannán fuaime sa phictiúrlann, seol litir in oifig an phoist, nó ceannaigh milseáin duit féin sa siopa áitiúil.

Cónaíonn na daoine seo díreach mar a chónaigh a sinsir, agus caitheann siad na héadaí céanna chomh maith. Cas le gabha dubh agus é ag oibriú le hiarann ag an teach ceárta. Labhair le

déantóir ciseán agus bain triail as luachair, caolach nó tuí a fhí. Téigh ar shíúlóid faoin tuath, áit a bhfeicfidh tú tithe aoidaite ar an tírdhreach réchnocach. Buailfidh tú le hainmhithe oibre amhail capaill, asail agus cearca, agus gheobhaidh tú blaiseadh den chruatan agus den aoibhneas a bhaineann le saol ar an bhfeirm.

Uaireanta oscailte:

Márta go Meán Fómhair,
Dé Máirt go Dé Domhnaigh
10.00 - 17.00

Deireadh Fómhair go Feabhra,
Dé Máirt go Dé Domhnaigh
10.00 - 16.00
Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh
11.00 - 16.00

MÚSAEM IOMPAIR ULADH



Foghlaim faoi cheann de na bhailiúcháin iompair is iontaí in Eoraip. Coimeádadh an bailiúchán seo chun scéal na n-athruithe teicneolaíochta agus sóisialta in Éirinn ó thús an ré nua-aimseartha a chur in iúl.

Feicfidh tú innill traenach chumhachta, cóistí capaill, gluaisrothair agus carranna sárbhliana de gach cineál agus de gach cruth. Léirítear aistear na ndaoine diongbháilte áitiúla agus iad ag iarraidh bealaí ní ba thapa agus ní b'éifeachtaí chun bogadh ó áit go háit sna feithiclí múirneacha seo. Is tobar inspioráide iad do na dearthóirí, na hinnealtóirí agus na taiscéalaithe a tháinig ina ndiaidh.

I measc na dtaispeántas is fiúntaí tá ceann de na céad charranna DeLorean, a tógadh i dTuaisceart Éireann agus a bhfuil clú agus cáil orthu mar thoradh ar an tríológ, Back to the Future, Maedb atá ar an inneall traenach gaile is cumhachtaí a raibh ar bhóthar iarainn na hÉireann riamh, agus Short SC1, atá ar cheann de na scairdeitleáin troda ingearacha is luaithe.

Uaireanta Oscailte:

Márta go Meán Fómhair,
Dé Máirt go Dé Domhnaigh
10.00 - 17.00

Deireadh Fómhair go Feabhra,
Dé Máirt go Dé Domhnaigh
10.00 - 16.00
Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh
11.00 - 16.00

DAONPHÁIRC ULADH-MHEIRICEÁ



Tar ar thuras iontach trasna na gcéadta bliain agus Aigéan ollmhór an Atlantaigh agus tú ag foghlaim faoi scéal eisimirce na nÉireannach. Foghlaim faoin domhan tuaithe Uladh a d'fhág imircigh uaidh, faoin aistear cru a bhí acu ar muir agus faoin sochaí choilíneach a ghlac siad páirt inti i Meiriceá.

Téigh ar shiúlóid trí shaol tuaithe Ulaidh sa naoú haois déag, agus é athchruthaithe sna foirgnimh bhunaídh a bogadh bríce ar bríche ón áit ina raibh siad. Téigh ar bord loinge ar Brig Union, atá

mar mhacasamhail mhaith ar an bhfíoriompar a bhí ag imircigh. Fiosraigh an Domhan Nua agus na réitigh samhlaíocha a d'fhorbair na daoine a tháinig chun tíre ar na dúshláin a bhí acu agus iad ina gcónaí i gcríocha nua.

Faigh taithí ar an am atá caite trí ghníomhaíochtaí teagmhálacha, cuir i gcás sníomh lín, rince sciobóil agus cócaireacht traidisiúnta. Breathnaigh ar ghaibhne dubha agus déantóirí rópa agus iad i mbun a gceirde, nó éist le ceacht scoile.

Uaireanta oscailte:

Márta go Meitheamh
Dé Máirt go Dé Domhnaigh
10.00 - 17.00

Iúil agus Lúnasa,
Gach lá 10.00 - 17.00

Meán Fómhair,
Dé Máirt go Dé Domhnaigh
10.00 - 17.00

Deireadh Fómhair go Feabhra,
Dé Máirt go Dé hAoine
10.00 - 16.00
Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh
11.00 - 16.00

TACAIGH LE DO MHÚSAEIM INNIU

Tabhair tacaíocht airgeadais dúinn agus cuidigh linn ár n-oidhreacht náisiúnta atá an-mhuirneach a chaomhnú. Caithfear an t-airgead a thugann tú go díreach ar na déantúsáin, na saothair agus na grianghraif iomadúla atá againn a chaomhnú, a athchóiriú agus a thaispeáint. Tá dhá phríomhbhealach ann chun tacú le do mhúsaem:

BÍ I DO BHALL LINN

Tacóidh tú le do mhúsaem agus gheobhaidh tú buntáistí iontacha amhail saorchead isteach chuig Daonpháirc Uladh, Músaem Iompair Uladh agus Daonpháirc Uladh-Mheiriceá mar bhall bliantúil. Gheobhaidh tú lascaíní inár siopaí agus inár seomraí tae freisin.

Téigh chuig ár suíomh gréasáin ag [nmni.com/get-involved](https://www.nmni.com/get-involved) chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi ar conas ballraíocht a dhéanamh, nó faoin mbealach a dtugtar airgead don mhúsaem.

TABHAIR AIRGEAD

Fanfaidh Músaem Uladh saor do chách leis an airgead a thugann tú. Úsáidtear an t-airgead seo chun seoda an mhúsaem a roinnt le scoileanna, daoine óga, daoine scothaosta agus daoine eile nach mbeadh deis acu cuairt a thabhairt orainn.

Faightear Gift Aid ar gach tabhartas freisin, is é sin faoiseamh cánach an rialtais le haghaidh eagraíochtaí carthanachta, agus ligtear dúinn 25p sa bhreis a fháil ar gach £1 a thugtar dúinn.